Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2023
(OR. en)

16118/22

LIMITE

CORLX 1184
CFSP/PESC 1729
COEST 925
CSC 588

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1013 |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1013**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Meitheamh 2005, d'aontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir a cheapadh.

(2) An 21 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1013[1] lena gceaptar Terhi HAKALA mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir. Tá sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le dul in éag an 28 Feabhra 2023.

(3) Ba cheart síneadh 24 mhí breise a chur le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1013 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staide a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2021/1013 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir (IO L 222, 22.6.2021, lch. 33.



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal l*
*Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh*

Cuirtear síneadh go dtí an 28 Feabhra 2025 le sainordú Terhi HAKALA mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaí sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.';

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'EUR 2 665 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025 a chumhdach.';

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara abairt de mhír 1:

'Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe, faoin 30 Samhain 2024.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC